

# Ceacht a hAon

## Lesson One

# Súil Siar

## Review

# Leathanach 1

## Page 1

Gaeilge		Béarla	
1a. Tá Seán anseo.		John is here.	
1b. Níl Seán anseo.		John isn't here.	
1c. An bhfuil Seán anseo?		Is John here?	
1d. Nach bhfuil Seán anseo?		Isn't John here?	
1e. Tá. Tá sé anseo.		Yes. He's here.	
1f. Níl. Níl sé anseo.		No. He's not here.	
2a. Bhí Seán anseo.		John was here.	
2b. Ní raibh Seán anseo.		John wasn't here.	
2c. An raibh Seán anseo?		Was John here?	
2d. Nach raibh Seán anseo?		Wasn't John here?	
2e. Bhí. Bhí sé anseo.		Yes. He was here.	
2f. Ní raibh. Ní raibh sé anseo.		No. He he wasn't here.	
3a. Beidh Seán anseo.		John will be here.	
3b. Ní bheidh Seán anseo.		John won't be here.	
3c. An mbeidh Seán anseo?		Will John be here?	
3d. Nach mbeidh Seán anseo?		Won't John be here?	
3e. Beidh. Beidh sé anseo.		Yes. He'll be here.	
3f. Ní bheidh. Ní bheidh sé anseo.		No. He won't be here.	
Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
4a. Tá mé anseo.	I am here.	4e. Tá muid anseo.	We are here.
4b. Tá tú anseo.	You are here.	4f. Tá sibh anseo.	Ye are here.
4c. Tá sé anseo.	He is here.	4g. Tá siad anseo.	They are here.
4d. Tá sí anseo.	She is here.	4h. Tá Siobhán anseo.	Joan is here.
5a. Tá ocras orm.	I am hungry.	5e. Tá ocras orainn.	We are hungry.
5b. Tá ocras ort.	You are hungry.	5f. Tá ocras oraibh.	Ye are hungry.
5c. Tá ocras air.	He is hungry.	5g. Tá ocras orthu.	They are hungry.
5d. Tá ocras uirthi.	She is hungry.	5h. Tá ocras ar Mháire.	Mary is hungry.
6a. Tá cat agam.	I have a cat.	6e. Tá cat againn.	We have a cat.
6b. Tá cat agat.	You have a cat.	6f. Tá cat agaibh.	Ye have a cat.
6c. Tá cat aige.	He has a cat.	6g. Tá cat acu.	They have a cat.
6d. Tá cat aici.	She has a cat.	6h. Tá cat ag Síle.	Sheila has a cat.
7a. Is maith liom cáis.	I like cheese.	7e. Is maith linn cáis.	We like cheese.
7b. Is maith leat cáis.	You like cheese.	7f. Is maith libh cáis.	Ye like cheese.
7c. Is maith leis cáis.	He likes cheese.	7g. Is maith leo cáis.	They like cheese.
7d. Is maith léi cáis.	She likes cheese.	7h. Is maith le hÚna cáis.	Una likes cheese.
8a. Is maith liom é.	I like it.	8g. Ba mhaith liom é.	I would like it.
8b. Ní maith liom é.	I don't like it.	8h. Níor mhaith liom é.	I wouldn't like it.
8c. An maith leat é?	Do you like it?	8i. Ar mhaith leat é?	Would you like it?
8d. Nach maith leat é?	Don't you like it?	8j. Nár mhaith leat é?	Wouldn't you like it?
8e. Is maith.	Yes.	8k. Ba mhaith.	Yes.
8f. Ní maith.	No.	8l. Níor mhaith.	No.

Gaeilge	Béarla
<b>1. Cad is ainm duit?</b>	<b>What's your name?</b>
2. Is mise Pádraig (Pádraig is ainm dom).	I'm Patrick (My name is Patrick).
<b>3. Cén chaoi a bhfuil tú?</b>	<b>How are you?</b>
4. Tá mé go maith.	I'm fine.
<b>5. Cad atá ort?</b>	<b>What's wrong?</b>
6. Tá tinneas cinn orm.	I have a headache.
<b>7. An maith leat feoil?</b>	<b>Do you like meat?</b>
8. Ní maith. Is fearr liom prátaí.	No. I prefer potatoes.
<b>9. Ar mhaith leat gloine uisce?</b>	<b>Would you like a glass of water?</b>
10. Ba mhaith. Go raibh maith agat.	Yes. Thanks.
<b>11. An bhfuil tú tinn?</b>	<b>Are you ill?</b>
12. Níl. Tá mé ceart go leor.	No. I'm ok.
<b>13. An bhfuil sé fuar i San Diego inniu?</b>	<b>Is it cold in San Diego today?</b>
14. Níl. Tá sé te anois.	No. It's hot now.
<b>15. Cá bhfuil Síle?</b>	<b>Where's Sheila?</b>
16. Tá sí sa pháirc.	She's in the park.
<b>17. An bhfuil sí sa chistin?</b>	<b>Is she in the kitchen?</b>
18. Níl. Tá sí sa ghairdín.	No. She's in the garden.
<b>19. An bhfuil peann agat?</b>	<b>Do you have a pen?</b>
20. Tá. Seo duit.	Yes. Here you are.
<b>21. An raibh tú in Éirinn riamh?</b>	<b>Were you ever in Ireland?</b>
22. Bhí. Bhí mé ann anuraidh.	Yes. I was there last year.
<b>23. Ar ól tú an tae?</b>	<b>Did you drink the tea?</b>
24. Níor ól. Bhí sé fuar. D'ól mé caife.	No. It was cold. I drank coffee.
<b>25. An bhfaca tú Máire aréir?</b>	<b>Did you see Mary last night?</b>
26. Ní fhaca, ach chonaic mé inniu í.	No, but I saw her today.
<b>27. Cá ndeachaigh tú ar maidin?</b>	<b>Where did you go this morning?</b>
28. Chuaigh mé go hEscondido.	I went to Escondido.
<b>29. An ndeachaigh tú le Seán?</b>	<b>Did you go with Sean?</b>
30. Ní dheachaigh. Chuaigh mé le hÁine.	No. I went with Anne.
<b>31. An bhfuair tú mo litir?</b>	<b>Did you get my letter?</b>
32. Fuair. Fuair mé inniu í.	Yes. I got it today.
<b>33. Cáir chuir tú mo leabhar?</b>	<b>Where did you put my book?</b>
34. Chuir mé sa chistin é.	I put it in the kitchen.
<b>35. An mbeidh tú anseo amárach?</b>	<b>Will you be here tomorrow?</b>
36. Ní bheidh. Beidh mé ag imirt peile.	No. I'll be playing [Gaelic] football.

Gaeilge	Béarla
1. <b>Ar ith</b> tú an císte?	Did you eat the cake?
2. <b>D'ith.</b> D'ith mé ar maidin é.	Yes. I ate it in the morning.
3. <b>Nár ith</b> tú an císte?	Didn't you eat the cake?
4. <b>Níor ith.</b> D'ith Máire é.	No. Mary ate it.
5. <b>Ar chuala</b> tú an scéal?	Did you hear the news?
6. <b>Chuala.</b> Bhí an-áthas orm.	Yes. I was very happy.
7. <b>Nár chuala</b> tú an scéal?	Didn't you hear the news?
8. <b>Níor chuala.</b> Níor chuala mé faic.	No. I didn't hear anything.
9. <b>Ar tháinig</b> tú abhaile go luath?	Did you come home early?
10. <b>Tháinig.</b> Bhí tuirse orm.	Yes. I was tired.
11. <b>Nár tháinig</b> tú abhaile go luath?	Didn't you come home early?
12. <b>Níor tháinig.</b> D'fhan mé amuigh.	No. I stayed outside.
13. <b>Ar thug</b> tú leat é?	Did you take it with you?
14. <b>Thug.</b> Is maith liom go mór é.	Yes. I like it a lot.
15. <b>Nár thug</b> tú leat é?	Didn't you take it with you?
16. <b>Níor thug.</b> Ní maith liom é.	No. I don't like it.
17. <b>An ndearna</b> tú an císte sin?	Did you make that cake?
18. <b>Rinne.</b> Nach bhfuil sé blásta?	Yes. Isn't it tasty?
19. <b>Nach ndearna</b> tú an císte sin?	Didn't you make that cake?
20. <b>Ní dhearna.</b> Ní maith liom císte.	No. I don't like cake.
21. <b>An ndeachaigh</b> tú abhaile?	Did you go home?
22. <b>Chuaigh.</b> Bhí ocras orm.	Yes. I was hungry.
23. <b>Nach ndeachaigh</b> tú abhaile?	Didn't you go home?
24. <b>Ní dheachaigh.</b> D'fhan mé anseo.	No. I stayed here.
25. <b>An bhfaca</b> tú mo mhadra?	Did you see my dog?
26. <b>Chonaic.</b> Bhí sé sa ghairdín.	Yes. It was in the garden.
27. <b>Nach bhfaca</b> tú mo mhadra?	Didn't you see my dog?
28. <b>Ní fhaca.</b> Ní raibh sé anseo.	No. It wasn't here.
29. <b>An bhfuair</b> tú mo litir?	Did you get my letter?
30. <b>Fuair.</b> Fuair mé inné í.	Yes. I got it yesterday.
31. <b>Nach bhfuair</b> tú mo litir?	Didn't you get my letter?
32. <b>Ní bhfuair.</b> Ní raibh mé sa bhaile.	No. I wasn't at home.
33. <b>An ndúirt</b> tú é sin le Seán?	Did you say that to Seán?
34. <b>Dúirt.</b> Bhí fearg orm inné.	Yes. I was angry yesterday.
35. <b>Nach ndúirt</b> tú é sin le Seán?	Didn't you say that to Seán?
36. <b>Ní dúirt.</b> Ní dúirt mé faic leis.	No. I didn't say anything to him.